

Clár

1.	Cad is Sochar Linbh ann?	3
2.	Cé a cháilíonn don Sochar Linbh?	3
3.	Cathain agus conas ba cheart iarratas a dhéanamh?	4
4.	Cad a tharlaíonn má bhíonn ilbhreith agam?	6
5.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	7
6.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	7
7.	An dtéann rialacha an AE i bhfeidhm ar an Sochar Linbh?	8
8.	Eolas ar an Scéim um Chúramaí Baile	9
9.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	10

Iúil 2014

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 10 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

1. Cad is Sochar Linbh ann?

Is éard atá sa Sochar Linbh ná íocaíocht mhíosúil do gach leanbh cáilithe atá ag cónaí leat, agus á chothabháil agat, de ghnáth. Leanbh cáilithe is ea:

- leanbh atá faoi bhun 16 bliana d'aois,
nó

leanbh atá 16 nó 17 de bhlianta d'aois:

- atá in oideachas lánaimseartha, nó
- a fhreastalaíonn ar chúrsa Ógtheagmhála (Youthreach) SOLAS (ar a dtugtaí FÁS tráth), nó
- atá faoi mhíchumas coirp nó meabhrach, agus
- a bhraitheann ort.

Stadfaidh an Sochar Linbh nuair a bheidh do leanbh 18 mbliana d'aois.

2. Cé a cháilíonn don Sochar Linbh?

Íoctar an Sochar Linbh le máthair nó le leasmháthair an linbh, de ghnáth. Mura gcónaíonn an leanbh lena m(h)áthair nó lena leasmháthair ach má chónaíonn sé/sí lena (h)athair nó lena leasathair, féadfar an Sochar Linbh a íoc leis siúd.

Mura bhfuil an leanbh ag cónaí lena t(h)uismitheoirí ná á chothabháil acu, féadfaidh an duine atá ag tabhairt aire don leanbh an Sochar Linbh a fháil.

Tabhair faoi deara

Chun cáiliú don Sochar Linbh, ní mór duit an Coinníoll Gnáthchónaithe a shásamh. Tá feidhm ag an gcoinníoll seo i gcás na n-iarratasóirí go léir, gan spleáchas ar náisiúntacht. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

3. Cathain agus conas ba cheart iarratas a dhéanamh?

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Linbh laistigh de **12 mhí ó**:

- ón mí ar rugadh do leanbh, nó
- ón mí a ndearnadh duine de do theaghlach den leanbh, **nó**
- ón mí ar tháinig do theaghlach chun cónaí i bPoblacht na hÉireann.

Is féidir leat Sochar Linbh a fháil ón gcéad lá den mhí tar éis bhreith an linbh, tar éis duine de do theaghlach a dhéanamh den leanbh nó tar éis do do theaghlach teacht chun cónaí i bPoblacht na hÉireann.

Tabhair faoi deara

Mura ndéanann tú iarratas in am, de ghnáth gheobhaidh tú an Sochar Linbh ón gcéad lá den mhí tar éis dúinn d'iarratas a fháil.

Taisctear na sonraí breithe de na leanaí go léir a shaolaítear i bPoblacht na hÉireann i mbunachar lárnach sonraí. Is cuid den Roinn Coimirce Sóisialaí í Rannóg an tSochair Linbh, tá teacht aici ar an mbunachar lárnach sonraí agus is féidir léi tús a chur go huathoibríoch le d'iarratas ar an Sochar Linbh.

Chun breith do linbh a chlárú sa bhunachar sonraí seo, ba chóir duit na sonraí seo a thabhairt don ospidéal agus don Chláraitheoir Breitheanna:

- d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP),
- do dháta breithe,
- d'ainm iomlán,
- do sheoladh, agus
- sloinne breithe do mháthar.

Mura bhfuil Uimhir PSP agat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do Lárionad Intreo áitiúil nó le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. Inseoidh siad duit faoi oifig shainithe na Roinne seo i do cheantar a fhéadfaidh Uimhir PSP a chur amach chugat.

Gheobhaidh tú na sonraí teagmhála maidir le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil in Eolaire an Stáit de d'eolaí gutháin nó sna leathanaigh órga. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Má tá an t-eolas riachtanach fút féin agus faoi do leanbh tugtha agat, déanfaimid teagmháil leat laistigh de 10 lá oibre ó chlárú bhreith do linbh.

Mura gcuirfeá gach pioc den eolas seo ar fáil, d'fhéadfadh sé moill a chur ar do Shochar Linbh nó b'fhéidir nach mbeimis in ann d'iarratas a phróiseáil go huathoibríoch.

Mura bhfaigheann tú scéala uainn laistigh de 10 lá oibre i ndiaidh chlárú bhreith do linbh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar:

Guthán: 074 91 64496

Íosghlao: 1890 400 400

Má tá ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar +353 74 91 64496.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Seo mo chéad leanbh

Cuirfimid foirm iarratais pháirtlíonta i gcomhair an tSochair Linbh chugat. Líon an fhoirm seo, le do thoil, agus deimhin á dhéanamh agat go bhfuil do shonraí pearsanta agus sonraí pearsanta do linbh i gceart agat, agus seol ar ais chugainn í.

Mar mhalirt air sin, trí úsáid a bhaint as an eolas a thugtar ar an bhfoirm, is féidir leat logáil isteach ar **www.welfare.ie** agus d'éileamh a chur isteach ar líne.

Déanfaimid teagmháil leat nuair a bheidh d'iarratas próiseáilte againn.

Tá leanaí eile agam agus faighim an Sochar Linbh cheana

Más ionann do shloinne ar ár dtaifid agus orthu siúd atá ag an gCláraitheoir Breitheanna, cuirfimid an íocaíocht i gcomhair do linbh nua san áireamh go huathoibríoch le do Shochar Linbh reatha.

Cuirfimid litir chugat chun insint duit cathain a thosóidh an t-ardú i d'íocaíocht. Ní gá teagmháil a dhéanamh linn, mura dteastaíonn uait go n-athróimid do shonraí pearsanta nó do mhodh íocaíochta.

Murab ionann do shloinne ar ár dtaifid agus orthu siúd atá ag an gCláraitheoir Breitheanna, cuirfimid foirm iarratais chugat le líonadh.

Ba chóir duit an fhoirm a sheoladh ar ais maille le fianaise i scríbhinn ar do shloinne reatha, mar do theastas pósta, do theastas clárúcháin um páirtnéireacht sibhialta nó do theastas clárúcháin um aontas sibhialta más pósadh nó páirtnéireacht sibhialta an fáth leis an athrú i d'ainm, nó fianaise eile mar bhille.

Tabhair faoi deara

Má rugadh do leanbh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann nó murar chláraigh tú an bhreith faoin gcóras nua, ba chóir duit foirm CB1 a líonadh agus a sheoladh ar ais mar aon le teastas breithe do linbh. Is féidir leat foirm CB1 a fháil ar líne ag www.welfare.ie, ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó ó d'oifig áitiúil an phoist.

4. Cad a tharlaíonn má bhíonn ilbhreith agam?

Má bhíonn cúpla agat, faigheann tú oiread go leith den ghnáthráta míosúil do gach leanbh. Má bhíonn triúr leanaí nó níos mó agat, íoctar a dhá oiread de ghnáthráta míosúil an tSochair Linbh do gach leanbh, ar chuntar go mbíonn triúr ar a laghad de na leanaí cáilithe.

5. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Faigheann tú an Sochar Linbh ar an gcéad Mháirt de gach mí:

- trí **íocaíocht dhíreach** i do chuntas reatha, taisece nó coigiltis in institiúid airgeadais nó i gCuntas Coigiltis An Phoist um Chúram Leanaí:
 - i d'ainm féin, nó
 - i d'ainm féin:
 - agus in ainm do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora, nó
 - i d'ainm féin agus in ainm(neacha) do linbh/leanaí, nó
 - in ainm do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora agus in ainm(neacha) do linbh/leanaí, nó
 - in ainm(neacha) do linbh/leanaí amháin, nó
 - in ainm do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora amháin,

nó

- i d'oifig áitiúil an phoist trí Chárta Seirbhísí Poiblí nó trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha.

6. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Íoctar an Sochar Linbh i leith na leanaí go léir atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Is féidir leat, áfach, an Sochar Linbh a fháil i leith linbh atá 16 nó 17 de bhlianta d'aois má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha nó faoi mhíchumas coirp nó meabhrach.

Cuirfidimid foirm iarratais pháirtlíonta chugat mí amháin roimh 16ú breithlá do linbh agus, má tá do leanbh in oideachas lánaimseartha fós, mí amháin roimh dheireadh na bliana acadúla (fad atá do leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois) ionas gur féidir leat leanúint den Sochar Linbh a fháil.

Nuair a gheobhaidh tú an fhoirm éilimh, líon í agus cinntigh go mbeidh sí deimhnithe ag:

- scoil nó coláiste an linbh, má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha nó
- SOLAS (ar a dtugtaí FÁS tráth), má tá an leanbh ag freastal ar chúrsa lánaimseartha Ógtheagmhála, nó
- dochtúir cláraithe, má tá an leanbh faoi mhíchumas coirp nó meabhrach.

Tabhair faoi deara

Ní mór duit a chur in iúl dúinn láithreach:

- **má fhágann an leanbh oideachas nó oiliúint lánaimseartha roimh an dáta deimhnithe, nó**
- **má bhí an leanbh faoi mhíchumas coirp nó meabhrach agus má tá sé/sí in ann anois soláthar dó/di féin roimh 18 mbliana d'aois a bhaint amach nó, an dáta arna dheimhniú ag dochtúir.**

Mura bhfaigheann tú foirm éilimh go huathoibríoch, tá foirm **CB2** le fáil ar **www.welfare.ie**, ó do Lárionad Intreo áitiúil, ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó ó d'oifig áitiúil an phoist.

7. An dtéann rialacha an AE i bhfeidhm ar an Sochar Linbh?

Má oibríonn tú i dtír atá faoi chumhdach Rialacháin an CE, íocann an tír seo an Sochar Linbh de ghnáth fiú má chónaíonn do theaghlach i dtír eile den AE nó LEE. Déan teagmháil le **Rannóg AE an tSochair Linbh** ar (074) 910 6528 chun a thuilleadh eolais a fháil faoi thionchar rialacha an AE ar an Sochar Linbh.

Tíortha faoi chumhdach Rialacháin an CE:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- An Chróit
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- An Iodáil
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire
(An Chipir Theas)
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe

8. Eolas ar an Scéim um Chúramaí Baile

Má éiríonn tú as obair chun aire a thabhairt do leanbh atá faoi bhun 12 bhliain d’aois nó do dhuine fásta faoi mhíchumas nó do leanbh faoi mhíchumas atá 12 bhliain d’aois nó os a chionn sin, is féidir nach mbeidh an líon céanna ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh agat agus a bheadh agat dá mba rud é gur oibrigh tú lasmuigh den bhaile cónaithe. D’fhéadfaimis neamhaird a thabhairt ar na blianta a caitheadh ar an gcúramóireacht nuair a d’áireoimis conas a cháileofá don Phinsean Stáit (Ranníocach). Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Má tá an Sochar Linbh á fháil agat, ní gá duit clárú mar chúramaí baile.

9. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais a fháil faoin Sochar Linbh, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le:

Rannóg an tSochair Linbh

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Oilibhéir Phluincéid Naofa
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall.

Íosghlao: 1890 400 400 (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó +353 74 91 64496 (ó Thuaisceart Éireann nó ón gcoigríoch).

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** nó má tá ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann glaoigh ar **+353 71 91 93313**, le do thoil.
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao)

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan - Aoine, 9rn - 9in)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.